An Roinn Airgeadais
Department of Finance

# 2006

# MEASTACHÁIN

## FÁLTAS agus CAITEACHAIS

DON

# BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2006

Arna n-ullmhú ag an Rialtas agus arna gcur faoi bhráid Dháil Éireann faoi réir fhorálacha Airteagal 28 den Bhunreacht.

# NÓTAÍ MÍNITHE

1. **An bunús leis na figiúirí**
Na figiúirí a thaispeáintear le haghaidh fáltas agus caiteachais in 2005, is aschuir réamh-mheasta iad agus léiríonn siad an t-eolas reatha. Tá siad faoi réir athbhreithnithe nuair a bheidh figiúirí dheireadh na bliana ar fáil. Beidh na sonraí lániniúchta le haghaidh 2005 ar fáil sna *Cuntais Airgeadais 2005* agus sna *Cuntais Leithghabhála* 2005 atá le foilsiú faoi 30 Meán Fómhair 2006 ar a dhéanaí.

2. **Ioncam**
Tá meastachán an ioncaim le haghaidh 2006 bunaithe ar an dlí cánach atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. **Caiteachas**
Ar 17 Samhain 2005 foilsíodh na *Meastacháin le haghaidh Seirbhísí Poiblí (Leagan Coimrithe) agus Gearrchlár Caipitil Poiblí 2006* (IMC). Is ionann figiúirí 2006 sa doiciméad seo agus na cinn a foilsíodh san IMC. Tá figiúirí réamh-mheasta an aschuir do 2005 ag teacht leis na figiúirí a foilsíodh san IMC, agus is figiúirí sealadacha iad faoi mar a chuir Ranna agus Oifigí iad in iúl. Beidh figiúirí eisiúintí dheireadh na bliana ar fáil go luath in Eanáir 2006.

4. **Leithghabhálacha-i-gCabhair**
Taispeáintear caiteachais vótáilte glan ar Leithghabhálacha-i-gCabhair. Is fáltais iad seo ar féidir le Roinn nó le hOifig, le toiliú na Dála, a choinneáil chun caiteachas a fhritháireamh in ionad iad a íoc isteach i gCuntas Státchiste an Lárchiste. Cuimsítear sonraí ollchaiteachais vótáilte ag Ranna in IMC 2006.

5. **ÁSPC**
Íoctar na ranníocaíochtaí ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus ní cuid iad den ioncam a íoctar isteach sa Lárchiste.

Roimhe seo, ba ghá ranníocaíocht Státchiste chun an gannchion ar an CÁS a ghlanadh. Ach níor ghá ranníocaíocht Státchiste ó 1997.

6. **Réamh-mhaoiniú dliteanas pinsean sa todhchaí**
San Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000 tá soláthar le haghaidh réamh-mhaoiniú cuid de chostas pinsean leasa shóisialaigh agus seirbhíse poiblí sa todhchaí agus 1% den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) measta a chur ar leataobh sa bhliain chun na críche seo (féach Nóta 7 ar leathanach 8)

7. **Tabhairt ar aghaidh Leithdháiltí Caipitil**
Faoi réir Mhír 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir le Ranna agus le hOifigí caipiteal neamhchaite suas le 10% dá leithdháiltí caipitil vótáilte a thabhairt ar agaidh go dtí an bhliain dár gcionn. In aschur tuartha 2005 tá méid de €286 milliún a eiseofar ón Státchiste agus a chuirfear chun creidiúint Chuntas an Phámháistir Ghinearálta i leith gach Roinne atá i gceist lena chaitheamh in 2006. San Imleabhar Meastachán Athbhreithnithe 2006 léireoidh an t-aschur sealadach an caiteachas iarbhír.

8. **An Comhardú Rialtais Ghinearálta (Tábla 1(a))**
Is é an t-aschur réamh-mheasta don Chomhardú Rialtais Ghinearálta (CRG) in 2005 ná barrachas de €439 milliún nó 0.3% de OTN. Is é an tuar don CRG réamh-Bhuiséid do 2006 ná barrachas de €1,295 milliún nó 0.8% de OTN, i gcomhréir leis an gComhardú Státchiste atá foilsithe sa pháipéar seo (féach leathanach 4).

Is slat tomhais é an CRG ar fheidhmíocht fhioscach na hearnála Rialtais Ghinearálta go léir, ar a n-áirítear an Státchiste, an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS), na comhlachtaí státurraithe neamhthrádála, an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP), na hÚdaráis Áitiúla agus na Coistí Gairmoideachais (CGO). D'áirítí na Boird Sláinte freisin sular lánscoradh iad i dtús 2005; is cuid den Státchiste an Fheidhmeannacht Seirbhíse Sláinte a cuireadh ina n-ionad.

Dá thoradh sin, ní áirítear idirbhearta laistigh d'earnáil an Rialtais Ghinearálta i dtaca leis an CRG: mar shampla, ní athraíonn íocaíocht ón Státchiste leis an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean an Comhardú Rialtais Ghinearálta.

Is ceisteanna iad le socrú ag Eurostat (Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh) teorainn earnáil an Rialtais Ghinearálta a leagan síos, agus an chaoi a gcinntear an chóir cheart chuntasaíochta ESA95 le haghaidh idirbhearta Rialtais Ghinearálta.

Is cóir a thabhairt faoi deara go n-áirítear sa CRG tuartha le haghaidh 2005 costas réamh-mheasta iomlán i leith táillí áirithe tithe banaltrachta a aisíoc(€1 bn nó 0.6% de OTN). Eascraíonn sé seo as cinneadh Eurostat i Lúnasa 2005 gur cóir na haisíochtaí go léir atá dlite i leith na dtáillí seo, is cuma cathain a dhíscaoiltear iad iarbhír, a thaifeadadh mar chaiteachas in 2005, an bhliain inar chruthaigh na cúirteanna dliteanas an Stáit. Tá an chóireáil seo ar aon dul le cásanna eile ar leibhéal an AE.

**9. Leagan Gaeilge**

Foilsítear an doiciméad seo i nGaeilge agus i mBéarla. Tá an leagan Gaeilge le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Airgeadais www.finance.gov.ie

## TÁBLA 1

## FÁLTAIS AGUS CAITEACHAS GO hIOMLÁN

| | Tagairt | 2005 | 2006 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Fáltais** | | | |
| Reatha | *Tábla 2* | 39,912,358 | 42,495,471 |
| Caipitil | *Tábla 2* | 1,224,236 | 1,818,729 |
| Iomlán | | 41,136,594 | 44,314,200 |
| **Caiteachas** | | | |
| Reatha | *Tábla 2* | 33,798,500 | 36,728,440 |
| Caipitil | *Tábla 2* | 8,187,798 | 8,674,039 |
| Iomlán | | 41,986,298 | 45,402,479 |
| **Comhardú Státchiste** | | **-849,704** | **-1,088,279** |

## COMHARDÚ RIALTAIS GHINEARÁLTA

| | 2005 | 2006 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Comhardú Rialtais Ghinearálta** | **439,264** | **1,294,690** |
| **% de OTI** | **0.3%** | **0.8%** |

## TÁBLA 2

## SONRAÍ NA bhFÁLTAS AGUS AN CHAITEACHAIS GO hIOMLÁN

| **Meastachán Fáltas agus Caiteachais - REATHA** | *Tagairt* | 2005 | 2006 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Fáltais** | | | |
| Ioncam Cánach | Nóta 1, Lch. 5 | 39,310,000 | 41,925,000 |
| Ioncam Neamhchánach | Nóta 2, Lch. 5 | 602,358 | 570,471 |
| Iomlán | | 39,912,358 | 42,495,471 |
| **Caiteachas** | | | |
| Glanmhéid Vótáilte (Caiteachas Ranna a Vótáiltear go bliantúil ag an Dáil) | Nóta 3, Lch. 6 | 29,842,242 | 32,389,251 |
| Neamhvótáilte (Caiteachas neamhroghnach a chuirtear de mhuirear go díreach ar an Lárchiste) | | | |
| Ciste Fiachmhúchta* | Nóta 4, Lch. 7 | 477,615 | 475,000 |
| Caiteachas Reatha Neamhvótáilte Eile | Nóta 4, Lch. 7 | 3,478,643 | 3,864,189 |
| Iomlán | | 33,798,500 | 36,728,440 |
| **Barrachas (Easnamh) ar Chuntas Reatha** | | **6,113,858** | **5,767,031** |
| **Meastachán Fáltas agus Caiteachais - CAIPITEAL** | | | |
| **Fáltais** | | | |
| Ciste Fiachmhúchta * | | 477,615 | 475,000 |
| Fáltais chaipitil eile | Nóta 5, Lch. 7 | 746,621 | 1,343,729 |
| Iomlán | | 1,224,236 | 1,818,729 |
| **Caiteachas** | | | |
| Glanmhéid Vótáilte (Caiteachas Ranna a Vótáiltear go bliantúil ag an Dáil) | Nóta 6, Lch. 8 | 5,912,811 | 6,178,162 |
| Neamhvótáilte (Caiteachas a chuirtear de mhuirear go díreach faoi reachtaíocht áirithe) | Nóta 7, Lch. 8 | 2,274,987 | 2,495,877 |
| Iomlán | | 8,187,798 | 8,674,039 |
| **Barrachas (Easnamh) ar Chuntas Caipitil** | | **-6,963,562** | **-6,855,310** |
| **Comhardú Státchiste** | | **-849,704** | **-1,088,279** |

* An soláthar le haghaidh an Chiste Fiachmhúchta, is aistriú é ón gcuntas reatha go dtí an cuntas caipitil.

## NÓTA 1.

**Ioncam Cánach**

| | 2005 | 2006 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Custaim | 225,000 | 240,000 |
| Mál | 5,235,000 | 5,520,000 |
| Cáin ar Ghnóthachain Chaipitil | 1,965,000 | 2,025,000 |
| Cáin ar Fháltais Chaipitil | 250,000 | 260,000 |
| Dleachtanna Stampála | 2,630,000 | 2,690,000 |
| Cáin Ioncaim | 11,400,000 | 12,420,000 |
| Cáin Chorparáide | 5,470,000 | 6,005,000 |
| Cáin Bhreisluacha | 12,125,000 | 12,760,000 |
| Tobhaigh | 10,000 | 5,000 |
| Iomlán | **39,310,000** | **41,925,000** |

## NÓTA 2.

**Ioncam Neamh-Chánach**

| | 2005 | 2006 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| An Banc Ceannais - Barrachas Ioncaim | 103,021 | 115,000 |
| Airgead Poiblí Fabhraithe as Monaí a Eisiúint | 30,000 | 30,000 |
| Barrachas an Chrannchuir Náisiúnta | 232,701 | 196,000 |
| Díbhinní | | |
| - BSL | 73,543 | 80,000 |
| - Bord Gáis | 10,093 | 9,100 |
| - Eile | 276 | 250 |
| *Ús ar Iasachtaí* | | |
| Ciste na nIasachtaí Áitiúla | 6,899 | 6,675 |
| Iasachtaí Eile | 1,303 | 7,354 |
| *Fáltais Eile* | | |
| Táillí Chlárlann na Talún | 68,011 | 70,051 |
| Fíneálacha agus Pionóis | 31,550 | 32,430 |
| Fáltais an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide | 20,091 | 12,000 |
| Dleachtanna ó Marathon Petroleum | 5,080 | 9,611 |
| Eile | 19,790 | 2,000 |
| Iomlán | **602,358** | **570,471** |

## NÓTA 3.

**Glan-Chaiteachas Reatha Vótáilte**

| **Vóta Uimh** | **Seirbhís** | **2005** €000 | **2006** €000 |
|---|---|---|---|
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 2,447 | 2,608 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 34,852 | 37,498 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 13,487 | 14,779 |
| 4 | An Príomh-Oifig Staidrimh | 43,712 | 75,657 |
| 5 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 7,356 | 8,664 |
| 6 | Oifig an Aire Airgeadais | 85,969 | 98,315 |
| 7 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 228,751 | 252,113 |
| 8 | Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc | 607 | 625 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 334,722 | 371,950 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 226,039 | 251,040 |
| 11 | An tSaotharlann Stáit | 11,451 | 8,190 |
| 12 | An Rúnseirbhís | 710 | 806 |
| 13 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 36,025 | 37,292 |
| 14 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 30,361 | 33,877 |
| 15 | An Oifig Luachála | 8,942 | 10,100 |
| 16 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 11,527 | 11,451 |
| 17 | Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí | 897 | 984 |
| 18 | Oifig an Ombudsman | 5,674 | 8,041 |
| 19 | Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí | 325,001 | 363,043 |
| 20 | An Garda Síochána | 1,116,587 | 1,225,133 |
| 21 | Príosúin | 321,966 | 348,735 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 47,223 | 55,267 |
| 23 | Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas | 34,548 | 36,000 |
| 24 | Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanacha | 380 | 445 |
| 25 | Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil | 760,097 | 810,799 |
| 26 | Oideachas agus Eolaíocht | 6,403,773 | 6,966,984 |
| 27 | Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta | 229,334 | 248,769 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | 159,216 | 173,170 |
| 29 | Comhar Idirnáisiúnta | 467,692 | 598,464 |
| 30 | Cumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha | 162,069 | 183,483 |
| 31 | Talmhaíocht agus Bia | 817,596 | 905,961 |
| 32 | Iompar | 394,715 | 425,206 |
| 33 | An Gailearaí Náisiúnta | 7,849 | 8,099 |
| 34 | Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht | 805,094 | 860,326 |
| 35 | Ealaíona, Spórt agus Turasóireacht | 315,886 | 351,003 |
| 36 | Cosaint | 713,128 | 731,150 |
| 37 | Pinsin Airm | 161,392 | 169,000 |
| 38 | Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh | 6,462,912 | 6,599,025 |
| 39 | Sláinte agus Leanaí | 170,724 | 209,012 |
| 40 | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 8,973,481 | 9,479,187 |
| | Pinsin agus íocaíochtaí aonadacha CPP neamh-leithdháilte | - | 17,000 |
| | Cúiteamh táillí le haghaidh cúram fadtéarmach in Institiúidí a mhaoiníodh na sean-Bhoird Sláinte. | - | 400,000 |
| | **Glan-Chaiteachas Vótáilte Iomlán** | 29,934,192 | 32,389,251 |
| | Lúide Iarmhéideanna Roinne[2] | 91,950 | - |
| | **Íocaíochtaí an Státchiste go hIomlán le haghaidh Glan-Chaiteachais Vótáilte** | **29,842,242** | **32,389,251** |

(1) Is ionann na hiarmhéideanna Roinne agus na méideanna a eisíodh as Cuntas Státchiste an Lárchiste le haghaidh caiteachais Roinne in aon bhliain amháin agus atá gan caitheamh ag deireadh bliana go dtugtar iad ar aghaidh lena n-úsáid sa bhliain dár gcionn. Ní bhíonn aon éifeacht acu ar chaiteachas Roinne atá faoi réir an leithdháilte sna Meastacháin le haghaidh Seirbhísí Poiblí.

## NÓTA 4.

**Caiteachas Reatha Neamh-Vótáilte**

| | 2005 | 2006 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| *Fónamh don Fhiachas Náisiúnta* | | |
| Ús | 1,748,385 | 1,873,000 |
| Ciste Fiachmhúchta | 477,615 | 475,000 |
| Costais Bhainistíochta Fiachais | 44,000 | 52,000 |
| Fo-iomlán | 2,270,000 | 2,400,000 |
| | | |
| *Caiteachas Reatha Neamh-Vótáilte Eile* | | |
| Ranníocaíocht le Buiséad an AE | 1,510,000 | 1,670,000 |
| Íocaíochtaí le Marathon Petroleum Ireland Ltd. faoin Acht Airgeadais, 1992 | 7,908 | 9,800 |
| Costais Toghcháin | 7,300 | 7,200 |
| Tuarastail agus pinsin don bhreithiúntacht agus do shealbhóirí Oifige Bunreachtúla agus Pinsin agus liúntais do bhaill nó d'iarbhaill áirithe an Oireachtais | 37,576 | 41,484 |
| Íocaíochtaí le Páirtithe Polaitiúla faoi na hAchtanna Toghcháin | 5,015 | 5,200 |
| Síntiús leis an Eagraíocht Forbartha Idirdnáisiúnta | 18,270 | 79,743 |
| An tAcht Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide (Leasú) 1983 | 654 | 6,000 |
| Coimisiún Oireachtais | 97,187 | 110,458 |
| Ciste Forbartha na hÁise | 0 | 7,400 |
| Ilghnéitheach | 2,348 | 1,904 |
| Fo-iomlán | 1,686,258 | 1,939,189 |
| Iomlán | **3,956,258** | **4,339,189** |

## NÓTA 5.

**Fáltais Chaipitil Eile**

| | 2005 | 2006 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| *Fáltais ón AE* | | |
| An Ciste Comhtháthaithe | 41,749 | 54,390 |
| Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa | 235,000 | 155,000 |
| Líonraí Tras-Eorpacha agus fáltais eile on AE | 12,069 | 4,890 |
| *Aisíoc Iasachtaí* | | |
| Blianacht faoi Achtanna Ciste na nIasachtaí Áitiúla, 1935 go 1987 | 11,638 | 8,311 |
| *Fáltais Chaipitil Eile* | | |
| Díol Maoin Stáit | 55,750 | 171,000 |
| CETRT | 300,750 | 942,000 |
| GFT, FÁS agus Fiontraíocht Éireann | 23,955 | 56 |
| Ceadúnais Teileafónaíochta So-ghluaiste | 56,750 | 7,600 |
| Ilghnéitheach | 8,960 | 482 |
| Iomlán | **746,621** | **1,343,729** |

## NÓTA 6.

**Glan-Chaiteachas Caipitil Vótáilte (1)**

| Vóta Uimh | Seirbhís | 2005 €000 | 2006 €000 |
|---|---|---|---|
| 4 | An Príomh-Oifig Staidrimh | 1,052 | 1,254 |
| 6 | Oifig an Aire Airgeadais | 8,176 | 10,573 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 13,500 | 9,427 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 203,546 | 330,000 |
| 16 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 960 | 0 |
| 19 | Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí | 33,177 | 47,697 |
| 20 | An Garda Síochána | 27,120 | 29,801 |
| 21 | Príosúin | 54,212 | 30,696 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 17,103 | 10,806 |
| 23 | Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas | 3,500 | 5,000 |
| 25 | Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil | 1,740,085 | 1,758,683 |
| 26 | Oideachas agus Eolaíocht | 538,150 | 560,000 |
| 27 | Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta | 112,284 | 117,150 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha | 14,000 | 13,464 |
| 29 | Comhar Idirnáisiúnta | 1,124 | 1,536 |
| 30 | Cumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha | 112,971 | 131,825 |
| 31 | Talmhaíocht agus Bia | 104,285 | 128,700 |
| 32 | Iompar | 1,750,000 | 1,755,000 |
| 33 | An Gailearaí Náisiúnta | 1,227 | 1,260 |
| 34 | Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht | 399,877 | 425,050 |
| 35 | Ealaíona, Spórt agus Turasóireacht | 164,068 | 155,740 |
| 36 | Cosaint | 24,854 | 26,000 |
| 38 | Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh | 11,040 | 10,000 |
| 39 | Sláinte agus Leanaí | 12,437 | 20,444 |
| 40 | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 564,063 | 558,056 |
| | Cuir leis | | |
| | Cúlchiste Infheistíochta Neamh-Leithdháilte (2) | | 40,000 |
| | Iomlán | **5,912,811** | **6,178,162** |

(1) Faoi réir Mhír 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir le Ranna agus le hOifigí caipiteal neamhchaite suas le 10% dá leithdháiltí caipitil vótáilte a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain dár gcionn. In aschur tuartha 2005 áirítear méid de €286m faoin áis seo chun tabhairt ar aghaidh. Áireofar na méideanna deifnídeacha de chaipiteal a tugadh ar aghaidh – de réir Vóta - san Acht Leithreasaithe, agus eiseofar iad ón Státchiste agus cuirfear iad do shochar i gcuntas an Phámháistir Ghinearálta do gach Roinn atá i gceist lena gcaitheamh in 2006. Ba é €237m an méid caipitil a tugadh ar aghaidh ó 2004 go dtí 2005. Ní áirítear an méid seo san aschur tuartha thuas.

(2) Seo é an méid neamh-leithdháilte a áiríodh i gCreatlach Ilbhliantúil 2005 le haghaidh 2006.

## NÓTA 7.

**Caiteachas Caipitil Neamh-Vótáilte**

| | 2005 €000 | 2006 €000 |
|---|---|---|
| *Infheistíochtaí i gComhlachtaí Idirnáisiúnta* | | |
| An tAcht um an mBanc Eorpach Atógála agus Forbartha, 1991 | 844 | 405 |
| Banc Infheistíochta Chomhairle na hEorpa | 3,275 | 3,275 |
| Ciste Forbartha na hÁise | 0 | 2,100 |
| *Íocaíochtaí faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach, 1972 go 1986* | | |
| Aisíocaíochtaí CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe | 5,000 | 30,000 |
| CETRT | 940,600 | 1,002,000 |
| *Íocaíochtaí Caipitil Eile* | | |
| Íocaíochtaí maidir le réamh-mhaoiniú dliteanas pinsin sa todhchaí | 1,320,250 | 1,446,600 |
| An tAcht Cuanta, 1996 | 2,222 | 8,625 |
| Instealladh Cothromais don Ghroí Náisiúnta | 1,500 | 1,500 |
| Íocaíochtaí Ilghnéitheacha/Eile faoi Reacht | 1,296 | 1,372 |
| Iomlán | **2,274,987** | **2,495,877** |

ISBN 0-7557-7292-X